



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí **Public Appointments Service**

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

‘Gnéithe agus seirbhísí de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí do chustaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta acu’

Más mian leat an foilseachán seo a fháil i bhformáid eile, téigh i dteagmháil le :

Paul Farrell

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, 2630 Sráid na Mainistreach
Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

Teil: 01- 8587606

Paul.Farrell@publicjobs.ie

Leagan 6 – Eanáir 2013.

Tús	3
Ár Seirbhísí	5
Inrochtaineacht Timpeallachta	6
<i>Sábháilteacht na gCustaiméirí</i>	13
<i>Seirbhísí tástála agus agallaimh inrochtana</i>	15
<i>Acmhainní sa bhreis</i>	21
Focal Scoir	22

Cóipcheart © An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, 2015.

Tá cosc iomlán ar aon athrú a dhéanamh ar aon eolas, nó cur isteach ar bith ar an fhoilseachán seo a bheith ar fáil nó a chuirfeadh isteach ar theacht air.



Tús

Is é an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an príomh-sholáthraí do sheirbhís earcaíochta do ranna rialtais agus d'fhorais stáit áirithe. Tá an Oifig lonnaithe i bhfoirgneamh nua-aimseartha ar urlár talaimh agus trí urlár os cionn leibhéal na sráide.

Tá an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí tiomanta do sheirbhís earcaíochta a bheith ar fáil agus furasta a úsáid do gach duine. Sa mhéid sin tuigeann an Oifig gur féidir leis an mheoin atá ag daoine faoi dhaoine faoi mhíchumas tionchar mór a bheith acu ar chaighdeán a saoil. San áireamh tá conas a phléitear le daoine, trí dhaoine aonair nó trí eagraíochtaí, poiblí nó príobháideacha agus na seirbhísí atá ar fáil dóibh ó lá go lá.

Go minic ní easpa rampaí, comharthaí nó madraí treorach na baic is mó a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas ach meoin diúltach a thagann chun cinn nuair a bhítear ag plé le seirbhísí inrochtana a sholáthar. Má tá meoin oscailte ag daoine aonair agus ag eagraíochtaí bheadh sé nádúrtha seirbhísí inrochtana do chustaiméirí a chur ar fáil. I gcomparáid le sin, is féidir le meoin diúltach, deacrachtaí a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn a bheith iomlán páirteach sa sochaí.

Aithníonn an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí gur minic a fheictear míchumas sa chomhthéacs go soláthraítear seirbhísí a phléann le riachtanais fhisiceacha na ndaoine. Cé gur gné thábhachtach é sin i dtaca le hinrochtaineacht, is fíor a rá fosta nach fadhb fhisiceach atá i gceist. Níl sé chomh héasca daoine a bhfuil disléicse, dathdhaille / droch-radharc na súl, fadhbanna meabhairsláinte nó fadhb éisteachta acu a aithint. Dá bharr sin, is minic a thugtar faoi sheirbhísí inrochtana trí réitigh timpeallachta a sholáthar.

De bharr na taithí atá ag an Oifig ag plé le agus ag soláthar seirbhísí do dhaoine a bhfuil riachtanais éagsúla acu, tá muid ag foghlaim i gcónaí ó theagmháil le custaiméirí. Mar chuid dar ngealltanais déileáil le riachtanais na gcustaiméirí faoi mhíchumas, chuir muid an leabhrán eolais seo le chéile

chun na gnéithe éagsúla dár seirbhís earcaíochta inrochtana agus inrochtaineacht fhisiceach na hOifige go ginearálta a léiriú.

Ár Seirbhísí:

Tugann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí faoi inrochtaineacht san oifig agus i dtaca le seirbhísí ar shlí struchtúrach faoi choimirce an Choiste Faireacháin Comhionannais. Is féidir plan na hOifige chun seirbhísí do chustaiméirí a chur i bhfeidhm a roinnt i dtrí choda.

- Inrochtaineacht Timpeallachta;
- Seirbhísí tástála agus agallaimh inrochtana;
- Teicneolaíocht Eolais / Cumarsáide.

Tá na ceannteidil agus na seirbhísí a bhaineann leo leagtha amach i mionsonraí ar an chéad leathanach eile.

Inrochtaineacht Timpeallachta:

Cur chuige pleanáilte trí chomhairliúchán.

Tugadh deis don eagraíocht, i gcomhairle leis na haitirí agus an forbróir, ár nOifig nua ar Shráid na Mainistreach a dhearadh agus a thógáil agus déileáil le hinrochtaineacht na hOifige ón tús. Níorbh iad na hábhair tógála amháin a bhí i gceist ach an leagan amach agus na feistis inmheánacha a bhí riachtanach do gach duine a bhainfeadh úsáid as an fhoirgneamh cé acu an custaiméirí nó baill foirne a bhí i gceist. Leagtar amach thíos príomh-ghnéithe fisiceacha na hOifige.

Inrochtaineacht Timpeallachta;

An Stóras Gairmeacha: Stóras inrochtana gur féidir siúl isteach ann agus inar féidir leis an phobal eolas a fháil faoi fholúntais, deiseanna faoi ghairmeacha agus iarratas a dhéanamh ar line do dheiseanna earcaíochta.

Gnéithe inrochtana:

- **Bealach isteach:** tá an bealach isteach sa Stóras Gairmeacha tríd dhoirse trédhearcacha gloine. Gné thábhachtach inrochtana is ea iad na doirse



gloine. Is féidir le daoine a chéile a fheiceáil agus iad ag dul chuig an doras, rud a chuireann cosc ar thimpistí má tá duine a bhfuil droch-radharc na súl aige/aici á n-úsáid agus is féidir le baill foirne san oifig fáiltithe cuidiú le daoine faoi mhíchumas / fadhb gluaiseachta acu má tá deacracht acu. Cé gur gné thábhachtach maidir le hinrochtaineacht é seo, tuigeann an Oifig go bhfuil fadhbanna le doirse a osclaíonn de lámh.

- **Spásanna móra oscailte:** Gné thábhachtach den Stóras Gairmeacha is ea spás mór oscailte a bheith in úsáid. Fágann sin réimse éasca do chustaiméirí a úsáideann cathaoireacha rothaí.
- **Dathanna láidre éagsúla ar fud an stórais:** Cuidíonn seo le daoine caoch / a bhfuil fadhbanna le dathanna acu chun rudaí agus feistis bhuana a aithint óna chéile. Níl céimeanna nó mataí aimsire a chuirfeadh isteach ar chustaiméirí.
- **Deasc fáiltithe ina bhfuil airde éagsúil:**
Dearadh agus tógadh an dá oifig fáiltithe sa Stóras Gairmeacha agus ar an chéad urlár chun an inrochtaineacht is fearr a chinntiú.
Is iad daoine i gcathaoireacha rothaí agus daoine ísle de ghnáth a bhainfeadh úsáid as chun go mbeadh dromchla scríofa agus teagmháil i líne na súl ann le baill foirne.

- **Cathaoireacha a ghluaiseann go héasca:** Dá bharr sin, is féidir le daoine a bhfuil míchumas fisiceach / leighis acu suíochán fóirsteanach a roghnú dá riachtanais. Mar shampla, is fearr le daoine a bhfuil fadhbanna droma acu cathaoir ard agus is fearr le daoine a úsáideann cathaoir rotha suíochán íseal chun aistriú go héasca.

- **Leithris Inrochtana ina bhfuil aláram:** Insíonn an córas lárnach aláraim don oifig fáiltithe má tá deacrachtaí ag duine atá ag úsáid leithreas inrochtana agus cén áit san fhoirgneamh ar tharla sé. Oibríonn bonnán agus solas rabhaidh ag an ionad inar tharla an eachtra agus sa Stóras Gairmeacha. Chun gur féidir teacht ar an duine atá i dtrioblóid, tá glas ar gach leithreas inrochtana gur féidir a oscailte taobh amuigh.



- **Lúbóga éisteachta:** Tá dhá chóras sa Stóras Gairmeacha ar an urlár talaimh agus córas eile ag an oifig fáiltithe ar an chéad urlár. Tá comharthaí cuí ag na pointí seo do dhaoine gur mhian leo an córas a úsáid.



- **Lúbóg Éisteachta**

Soghluaiste:

Ta lúbóg éisteachta soghluaiste ar fáil do gach ball foirne agus custaiméir chun go mbeidh siad solúbtha agus soghluaiste



an oiread agus is féidir san Oifig. Aonad éadrom a sheasann leis féin atá ann ina bhfuil córas gan sreang gur féidir le baill foirne a úsáid agus iad ag taisteal timpeall an fhoirgnimh le custaiméirí a bhfuil deacracht éisteacha acu.

Tá na haonaid seo ar fáil mar shampla, chun cabhrú le hagallaimh, oiliúint, cruinnithe agus tástáil duine le duine (go himmheánach agus go seachtrach).

- **Comharthaíocht inrochtana:** Chuir an Oifig slí shuntasach dátheangach i bhfeidhm san oifig chun comharthaí eolais a fháil ar fud na hOifige. Tá dathanna éagsúla, comharthaí trí theagmháil agus Braille sa chomharthaíocht. Chomh maith le sin úsáidtear siombail agus cló aitheanta idirnáisiúnta chun comhsheasmhacht a chinntiú.



- **Cathaoir Rotha Saor in Aisce:** Sa chás go dteastaíonn cathaoir rotha ó dhuine, tá ceann ar fáil ar an chéad urlár in aice leis an deasc chabhrach. Más mian le duine an chathaoir seo a chur in áireamh roimh ré, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Inrochtana Paul Farrell Paul.Farrell@publicjobs.ie nó ar an teileafón ag 01-8587606.



Timpeall an fhoirgnimh:

Tá cuid mhaith de na gnéithe a léiríodh thuas ar fáil in áiteanna eile san fhoirgneamh. Seo thíos roinnt samplaí:

- **Spásanna móra oscailte:**

Tá pasáistí móra oscailte i ngach leibhéal den fhoirgneamh a úsáideann solas nádúrtha más féidir chun scáthanna a sheachaint. Trí scáthanna a bheith chomh híseal sin, is féidir le daoine a bhfuil fadhb na súl acu an difríocht idir rudaí a aithint. Tá seo an-tábhachtach go háirithe ar staighre mar gur féidir le scáthanna cur isteach ar radharc an duine ar choiscéimeanna agus go bhfuil baol ann go ngortófaí duine.



- **Seomraí agallaimh:**

Tá ár seomraí agallaimh ar an chéad urlár den fhoirgneamh. Tá na seomraí ar fad mar aon le n-ár seomraí oiliúna agus tástála deartha, agus tá troscán iontu atá iomlán fóirsteanach do dhaoine a bhfuil míchumas de chineálacha éagsúla acu. Baintear úsáid as troscán a ghluaiseann go héasca, dromchlaí ina bhfuil dathanna éagsúla agus solas nádúrtha más féidir. Úsáidtear láimh na ndoirse a bhfuil luamhain iontu atá níos éasca a úsáid seachas murláin.



- **Seomra Measúnaithe Riachtanais Speisialta (DORAS):**

Go luath sa bhliain 2008, chuir muid tús leis an choincheap DORAS (Seirbhís Measúnaithe Earcaíochta Dírithe ar Míchumas). Cur chuige praiticiúil agus teoiriciúil is ea DORAS a phléann le riachtanais na gcustaiméirí. San áireamh i DORAS tá seomra tástála do riachtanais speisialta ina bhfuil uirlisí agus teicneolaíochtaí cabhracha éagsúla. Tá clár oiliúna dhá mhodúl maidir le comhionannas míchumais i bhfeidhm lena chinntiú le leantar le meoin chun cuidiú le custaiméirí.



- **Ardaitheoirí inrochtana:**

Tá na trí ardaitheoir san Oifig deartha chun gur féidir le gach custaiméir iad a úsáid agus cuirtear san áireamh deacrachtaí radhairc, éisteachta, meabhair agus fisiceacha. Tá



gnéithe ar nós cnaipí le dathanna éagsúla, fógraí gutha, painéal rialála tadhlach, scáthán treorach, ráillí láimhe, dromchla neamhsciorrach agus doirse a bhfuil moill ama / braiteoir gluaiseachta iontu in áit (m.sh. cuidíonn siad le lucht úsáidte cathaoireacha rothaí cúlú amach).

- **Staighre:**

Slí eile isteach san fhoirgneamh is ea an staighre agus tá roinnt gnéithe inrochtana ann. San áireamh tá urlár tadhlach, céimeanna ina bhfuil dathanna éagsúla agus treoir chun leibhéal an urláir a insint.



Sábháilteacht na gCustaiméirí:

Modhanna Éigeandála.

- Tá nós imeachta sábháilteachta san Oifig chomh maith le fearas speisialtachta dá dtarlódh éigeandáil san fhoirgneamh. San áireamh tá maoir dóiteáin atá oilte lena chinntiú go bhfágann gach duine an spás faoina gcúram go sábháilte. Déantar cleachtadh dóiteáin cúpla uair gach bliain san Oifig lena chinntiú go dtuigeann na baill foirne an plean chun imeacht as an oifig.
- Sa chás gur gá imeacht as an fhoirgneamh, osclaítear na doirse slándála go huathoibríoch. Tógtar daoine i gcathaoireacha rotha amach trí chathaoireacha Evac (lena dtoil), tá siad lonnaithe in áiteanna éagsúla san fhoirgneamh. Má tá custaiméir caoch, feidhmeoidh ball foirne mar chara ainmnithe lena chinntiú go dtógtar an duine sin amach go slán sábháilte.
- Tá roinnt ball foirne oilte chun cathaoir Evac a úsáid go cúí agus go híogair.



Seirbhísí tástála agus agallaimh inrochtana:

Déanann an Oifig, i gcomhairle le heagraíochtaí ionadaíochta, taighde agus forbraíonn siad dea-chleachtas chun seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí faoi mhíchumas.

Bíonn an oifig de shíor ag iarraidh riachtanais na gcustaiméirí a shainaithint agus dá réir sin, i gcomhairle le forais ionadaíochta éagsúla, tugadh isteach “Foirm Faireacháin Comhionannais” agus iarrtar ar gach iarrthóir í a líonadh ar a dtoil féin. Ní úsáidtear an t-eolas seo mar chuid den phróiseas earcaíochta ach coinnítear é leis féin chun súil a choinneáil ar threochtaí ginearálta agus chun go mbeidh comhionannas i bhfeidhm maidir lenár seirbhísí faoi na naoi n-alt san Acht Comhionannais Fostaíochta (1998).

Cumas nó Míchumas: Measúnú a dhéanamh ar riachtanais na gcustaiméirí.

Chuir an Oifig **Foirm Aitheantais um Riachtanais Speisialta** sna doiciméid iarratais earcaíochta ar fad chun cabhrú le riachtanais ar leith na gcustaiméirí a shainaithint. Insíonn an fhoirm um riachtanais speisialta don Oifig cad a theastaíonn ó chustaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta acu chun páirt a ghlacadh sa phróiseas earcaíochta ar shlí atá cothrom. Nuair a líonann custaiméir an chuid seo den fhoirm, déanann an Oifig iarracht an tseirbhís agus/nó an fearas atá ag teastáil ón iarrthóir a sholáthar.

Ba chóir a thuiscint go soláthraítear na seirbhísí seo ar fad ar an suíomh agus ar shiúl ón suíomh de réir mar is gá (is féidir go mbeadh éacht i gceist i dtaca le fearas cabhrach). Tá liosta thíos de chuid de na seirbhísí agus den chóiríocht a thairgtear d'iarrthóirí le linn an phróisis earcaíochta.

- ***Eolas do Bhaill Foirne:***

Tugtar oiliúint faoi chomhionannas maidir le míchumas do bhaill foirne tríd an clár DORAS (DORAS: Disability Orientated Recruitment Assessment Service). Clár oiliúna inmheánach ina bhfuil dhá mhodúl atá ann. Pléann Modúl 1 le hinrochtaineacht, an próiseas earcaíochta, cóiríocht agus seirbhís do chustaiméirí i PAS.


Baineann modúl 2 le baill foirne a oiliúint faoi conas teicneolaíocht chabhrach a úsáid ar nós Jaws, Hal, Kurzwell, Duxbury agus formáidí eile a tháirgeadh ar iarratas.

- **Léirmhínteoirí comharthaí teanga:**

Cuireann an oifig léirmhínteoirí comharthaí teanga ar fáil má theastaíonn siad ón chustaiméir. Nó baineann custaiméirí áirithe úsáid as lúbóg éisteachta shoghluaiste nó léamh beola. Maidir le léamh beola, tuigeann na baill foirne gur gá labhairt go fadálach agus go soiléir. Cinntíonn sin go dtuigeann an custaiméir atá ag léamh beola na teoracha / ceisteanna a cuireadh go soiléir.


- **Braille:**

Má luann custaiméir go bhfuil siad caoch, is féidir leis an oifig leaganacha Braille de na tástálacha / ábhar measúnaithe a chur ar fáil tríd an tseirbhís Braille inmheánach.



- **CCTV:**

Tá ár n-aonad CCTV ceangailte de mhonatóir Painéal Cothrom Ardaifeach a chuireann ar ár gcumas roinnt cóiríochtaí a chur ar fáil. San áireamh tá méadú físe / téacs, frithshuí dathanna sa chúlra, laghdú scáileáin agus líne cabhrach léitheoireachta.



- **OpticBook 3600© :**

Tugadh isteach OpticBook 3600 in éineacht le bogearraí Kurzwell agus chuidigh siad go mór leis an Oifig riachtanais na gcustaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a chomhlíonadh. Is féidir leis an chóras foilseacháin a scanadh go cruinn agus láithreach agus dá bharr tá muid in ann freagra a thabhairt ar riachtanais na gcustaiméirí níos gasta.



- **Cló mór:**

Is féidir eolas agus ábhar tástála a sholáthar i gcló mór a roghnaíonn tú féin.

- **Am breise do thástálacha:**

Mar thoradh ar ár dtaighde agus ár dtaithí tá muid in ann am sa bhreis a thabhairt d'iarrthóirí de réir a gcúinsí ar leith féin. Orthu siúd tá daoine a bhfuil disléicse orthu, teoranta ó thaobh gluaiseachta de nó a bhfuil riocht leighis orthu a chuireann iachall orthu sos a ghlacadh le linn na measúnaithe / agallaimh.

Sa chás seo de ghnáth lorgáimid tuilleadh eolais lena shocrú cén t-am is cóir a thabhairt don mheasúnú/agallamh.

- **Binsí níos mó:**

Soláthraítear iad seo do dhaoine, mar shampla atá teoranta ó thaobh gluaiseachta de nó atá ag úsáid Braille nó doiciméadú i gcló mór.

- **Cuidiú ó scríobhaí:**

Is féidir go bhfuil custaiméirí áirithe teoranta ó thaobh gluaiseachta de agus sa chás sin, cuirfidh an Oifig scríobhaí ar fáil (ball foirne oilte) chun freagraí a chustaiméara a scríobh síos ar a s(h)on.

- **Tástáil Duine le Duine:**

Maidir le custaiméirí a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu, tairgimid measúnú duine le duine dóibh i suíomh ina bhfuil siad ar a gcompord. Samplaí de sin is ea daoine a bhfuilagrafóibe, clástrafóibe orthu nó custaiméirí a mhothaíonn go mór faoi bhrú le linn measúnaithe a d'fhéadfadh cur isteach ar a bhfeidhmíocht.

Cuirtear béim ar thástáil duine le duine chun an custaiméir a chur ar a s(h)uaimhneas faoi aon eagla shóisialta nó timpeallachta a bheadh orthu le linn an mheasúnaithe mar gheall ar a míchumas.


Cuirtear tástáil duine le duine ar siúl i gcásanna áirithe chun cuidiú le hiarrthóirí nach bhfuil in ann ar chúis éigin, a bheith i láthair ag an phríomh-mheasúnú mar gheall ar chúrsaí taistil srl.

- **Páipéar le dathanna codarsnachta:**

Is féidir páipéir scrúdaithe, agallaimh agus bileoga freagraí a sholáthar i ndathanna éagsúla a oireann do riachtanais speisialta an chustaiméara. De ghnáth is iad custaiméirí a bhfuil disléicse / radharc teoranta dathanna acu a úsáideann an tseirbhís eo.

- **Cabhraíocht (Léaráidí le Línte Ardaithe):**

Sa bhliain 2007 d'éirigh leis an Oifig páipéir tástála cabhraíochta a chur ar fáil don tástáil réasúnú uimhriúil. Is féidir le hiarrthóirí caocha léaráidí / íomhánna ar pháipéar cabhraithe a léamh.



- **Teicneolaíocht Oiriúnaitheach:**

Tá uirlisí ionaid do luchta PC ar fáil ag an Oifig lena n-áirítear roller ball agus luamháin stiúrtha.



- **Méarchlár BigKey:**

Méarchlár a bhfuil eochracha/litreacha níos mó ná an gnáth-mhéid iontu do chustaiméirí a mbeadh deacrachtaí acu an gnáth-mhéarchlár a úsáid.



- **Pacáistí gutha:**

Tá bogearraí ar nós JAWs, Kurzweil agus Hal ar fáil do dhaoine caocha a thuigean an teicneolaíocht seo. Tá rogha ag iarrthóirí idir fhormáidí leictreonacha agus na formáidí traidisiúnta ar nós Braille.



- **Formhéadaitheoir ZoomText**

Bogearraí comhtháite chun scáileán a mhéadú agus a léamh is ea ZoomText atá ar fáil do chustaiméirí caocha a úsáideann ár ríomhairí.

Acmhainní sa bhreis:

- Lámhleabhar Rochtana:

Uirlis do gach custaiméir agus ball foirne is ea an Lámhleabhar Rochtana is cuma an bhfuil míchumas orthu nó nach bhfuil. Treoir atá ann chun eolas a thabhairt faoi shuíomh na hOifige, conas dul isteach ann, roghanna iompair, nós imeachta maidir le hinrochtaineacht agus éigeandáil. Léiríonn an treoir eolais feidhmeanna agus seirbhísí na hOifige freisin.

- Pléann an Lámhleabhar Rochtana roinnt ábhar:
 - Cur síos faoi gach urlár agus gnéithe inrochtana na hOifige.
 - Nós imeachta éigeandála agus léaráidí ábhartha.
 - Rannóg ina bhfuil sonraí faoi conas dul chuig an Oifig ó aon áit sa tír lena n-áirítear sonraí teagmhála agus seirbhísí míchumais a sholáthraíonn comhlachtaí iompair éagsúla ar nós Bus Éireann, Bus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Luas. San áireamh tá léarscáileanna gréasáin faoi gach seirbhís.
- Mhol an tÚdarás Náisiúnta Míchumais an Lámhleabhar Rochtana agus is féidir cóip de a íoslódáil ón suíomh gréasáin ag:
<http://www.publicjobs.ie/en/about/findus.asp>

- ***Suíomh gréasáin:***

Dearadh publicjobs.ie agus cuireadh inrochtaineacht agus caighdeán úsáidte san áireamh. Tá an Oifig tiomanta ar chinntiú go bhfuil Publicjobs.ie éasca a úsáid ag custaiméirí. Cuideoidh forbairtí nua atá ag teacht chun cinn go mór le custaiméirí.

Focal Scoir:

Tá muid ag éisteacht i gcónaí; seo manna na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. B'éigean dúinn muid féin a chur ar an eolas faoi conas seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí faoi mhíchumas agus leanaimid ar aghaidh leis an phróiseas foghlama sin. Is léir gur fearr éisteacht le riachtanais éagsúla na gcustaiméirí agus na huirlisí a theastaíonn uathu chun a gcumas a léiriú, a chur i bhfeidhm.

Sa mhéid sin, déantar athbhreithniú ar bhun leanúnach ar fhorbairtí agus ar threochtaí a tharlaíonn maidir leis na seirbhísí a sholáthraímid agus an réimse ina n-oibrímid. Dá réir sin, déanaimid iarracht an t-eolas a fhaighimid a chur i bhfeidhm in ár meon corparáideach maidir le rochtaineacht do gach custaiméir.

Eolas sa bhreis:

Cé go ndearnadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an t-eolas sa leabhrán seo cruinn, ní féidir leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheith freagrach as aon bhotún nó as nithe a fágadh amach agus tá sé de cheart againn ábhar an fhoilseacháin seo a athrú am ar bith gan fógra a thabhairt.

Má tá aon ní gur mhaith leat a rá faoin fhoilseachán seo, nó más mian leat go gcuirfí ar fáil é i bhformáid eile, déan teagmháil leis an Oifigeach Eolais:

Amanda Kavanagh

An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, Áras na Caibidle, 2630 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1

Teil: 01- 8587672

R-phost: amanda.kavanagh@publicjobs.ie